2027.M57S1T

2027L033A1IS1

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta
# Sampla 1

# Gnó

## Ardleibhéal

## 2 uair 30 nóiméad

300 marc

| | |
|---|---|
| **Scrúduimhir** | |
| **Dáta Breithe** | / / |
| **Stampa an Ionaid** | |

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

## Treoracha

Tá **cúig** cheist ar an bpáipéar seo.

| | |
|---|---|
| Ceist 1 | 90 marc |
| Ceist 2 go 5 | 70 marc an ceann |

Freagair **Ceist 1** agus **trí cheist ar bith eile**.

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin sna sceitsí, sna graif agus sna léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás breise ag deireadh cheist a haon agus i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Tá Ceist 1 éigeantach. Freagair gach cuid de.**

**Ceist 1** **Saol an Ghnó** **(90 marks)**

# Ag cur na Cruthaitheachta agus na hInbhuanaitheachta chun cinn

Tá ProjectOne, cuideachta innealtóireachta atá lonnaithe i gCill Dara agus atá ar thús cadhnaíochta sa dearadh agus sa nuálaíocht, ag tarraingt aird uirthi féin sa réimse a bhaineann le dearadh táirgí, taighde agus forbairt. Tá cáil mhór bainte amach ag ProjectOne di féin mar ghníomhaireacht neamhspleách a bhfuil moladh idirnáisiúnta faighte aici agus í ag freastal ar chustaiméirí éagsúla lena n-áirítear fiontair nuathionscanta agus corparáidí ilnáisiúnta ar fud earnálacha an tomhaltais, an chúraim sláinte, agus na ngairmithe.

Dar leis an mbainistíocht, tá rath na cuideachta fréamhaithe i ndúthracht agus i dtallann a cuid fostaithe. Tá cultúr cothaithe ag ProjectOne san ionad oibre ina mbraitheann baill foirne go bhfuil meas orthu agus go dtugtar aitheantas dóibh, agus is as sin a eascraíonn dílseacht láidir na bhfostaithe agus arduithe céime inmheánacha. Agus fórsa fuinniúil oibre de 64 fostaí aici, tacaíonn ProjectOne le timpeallacht oibre atá nua-aimseartha agus cothrom. Tá seachtain oibre ceithre lá curtha i bhfeidhm ag an gcuideachta. Baineann oibrithe leas as socruithe oibre cumaisc agus iad ag malartú idir obair ar an láthair agus cianobair. "Tá cruthaitheacht agus obair chrua ár bhfoirne mar bhunchloch faoin bhfás atá tagtha ar ár mbonn cliant agus faoin rath atá ar na tionscadail," a deir urlabhraí ProjectOne. "Cuireann sé ríméad orainn tionchar dearfach ár socruithe oibre a fheiceáil ar shástacht agus ar tháirgiúlacht na bhfostaithe."

Is díol suntais freisin tiomantas na cuideachta do rannpháirtíocht an phobail. Déanann roinnt ball foirne obair dheonach le Junior Achievement Ireland, agus cláir ardtionchair á soláthar do scoláirí acu. Mar thoradh ar an taithí phraiticiúil a sholáthraíonn na tionscnaimh sin, cuireann daoine óga eolas ar shaol na oibre agus cineál nuálach agus spreagúil shaothar ProjectOne á chur ar taispeáint.

**Dul i nGleic leis an Inbhuanaitheacht i dteannta GlowInc**

Tá GlowInc, - déantóir táirgí scéimhe – agus ceann de na cliaint is seanbhunaithe atá ag ProjectOne, tar éis dul i bpáirt leis an gcuideachta chun vearnais ingne atá nuálach agus orgánach a fhorbairt. De bhrí go bhfuil tionscal na vearnaise ingne ag éirí níos plúchta, tá GlowInc ag tuar go mbeidh éileamh níos mó ar mhalairtí inbhuanaithe agus chuir sí de chúram ar ProjectOne a fís a fhíorú.

Chun dul i ngleic leis an dúshlán, tá foireann a smaoiníonn chun cinn curtha le chéile ag ProjectOne agus ina measc tá baill foirne nua-earcaithe, agus iad ag iarraidh taithí phraiticiúil a fháil leis an tionscadal ceannródaíoch sin. Tá infheistíocht i dtrealamh úrscothach déanta ag an gcuideachta freisin chun tacú leforbairt an táirge nua agus é beartaithe aici go mbeadh an táirge ar sheilfeanna faoin mbliain seo chugainn.

Agus cur chuige atriallach á ghlacadh aici, déanfaidh an fhoireann fréamhshamhail a chruthú agus a bheachtú le tástáil ar scála beag chun an fhoirmle a thabhairt chun foirfeachta. Beidh ábhair inbhuanaithe uathúla a fhoinsiú mar phríomhdhúshlán ag an tionscadal, ach tá ProjectOne ag seasamh i gcónaí lena gealltanas táirge nuálach ardcháilíochta a sholáthar, a bheidh ag teacht le caighdeáin GlowInc maidir le hinbhuanaitheacht agus úrmhaireacht.

Léiríonn an comhoibriú uaillmhianach sin cumas ProjectOne an nuálaíocht a nascadh leis an bhfreagracht chomhshaoil, rud a dhaingníonn a suíomh tuilleadh mar cheannaire in earnáil na dearthóireachta agus na hinnealtóireachta. "Eiseamláir is ea ár gcomhpháirtíocht le GlowInc de na cineálacha tionscadal a shainmhíníonn ProjectOne, ar tionscadail iad atá cruthaitheach agus a bhfuil tionchar acu," arsa an t-urlabhraí. "Tá ríméad orainn a bheith ag cuidiú le múnlú na todhchaí do tháirgí scéimhe inbhuanaithe."



**(a)** Tabhair breac-chuntas ar bhealach **amháin** ina gcuireann ProjectOne leis an ngeilleagar áitiúil.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(b)** Sainaithin **trí** dhúshlán atá roimh ProjectOne maidir lena socruithe oibre reatha.

Dúshláin

| |
|---|
| 1 |
| |
| 2 |
| |
| 3 |
| |

**(c)** Déan anailís ar **thrí** bhealach ar chuir cultúr eagraíochtúil ProjectOne leis an rath atá ar an ngnó.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar an mbealach ar féidir le ProjectOne ceithre chéim na smaointeoireachta deartha a úsáid chun ionchais GlowInc a chomhlíonadh go rathúil.

**(e)** **(i)** Déan anailís, agus úsáid á baint as Samhail Cúig Fhórsa Porter, ar na fórsaí iomaíocha atá le fáil sa mhargadh le haghaidh Glow Inc.

Spás breise don fhreagra ar an gcéad leathanach eile→

**(ii)** Sainaithin an buntáiste iomaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag Glow Inc agus mol straitéis chuí chun a dtáirge nua a sheoladh sa mhargadh.

Spás breise do fhreagraí ar Cheist 1.
Lipéadaigh gach cuid go soiléir.

**Freagair trí cheist ar bith as ceisteanna 2, 3, 4 nó 5.**
**Tá 70 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Ceist 2** **(70 marc)**

Is í Gráinne Mullins a bhunaigh Grá Chocolates i nGaillimh. Is de láimh a dhéantar iad ina mbaisceanna beaga. Sna milseoga ceardaí fíorbhlasta seo déantar comhábhair amha den scoth a mheascadh le blasanna dúchasacha na hÉireann.

**(a)** **(i)** Sainaithin **ceithre** phríomhinniúlacht a bhíonn ag nuálaithe, amhail Gráinne Mullins.

| |
|---|
| 1 |
| 2 |
| 3 |
| 4 |

**(ii)** Tosaíonn Grá Chocolates leis na comhábhair is breátha ar domhan: Seacláid Valrhona arna foinsiú ar bhealach eiticiúil, im cócó Casa Luker agus na táirgí déiríochta is fearr ar domhan – uachtar agus im na hÉireann.

Tabhair breac-chuntas ar thábhacht an chaidrimh atá ag Gráinne lena soláthraithe.



Tá cinneadh déanta ag Gráinne go bhfuil sé in am ceanncheathrú buan a thógáil do Grá Chocolates.

Tá sé beartaithe ag Gráinne a monarcha sheacláide féin a thógáil, agus úsáid á baint aici as an ardán slua-chistithe Kickstarter, leis an bhforbairt a mhaoiniú.

**(b)** **(i)** Mínigh an téarma Slua-chistiú.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Mínigh **dhá** phríomh-shaintréith atá ag gach ceann de na samhlacha gnó seo a leanas atá á gcur chun cinn ag an teicneolaíocht:

| Samhail na Síntiús |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

| Samhail na fógraíochta |
| --- |
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Tá cead faighte ag Grá chocolates dul isteach i margadh SAM.

Tabhair breac-chuntas ar Mínigh **trí** thoisc ar cheart do Grá Chocolates iad a bhreithniú sula rachaidh siad isteach sa mhargadh idirnáisiúnta.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Spreag an méadú ar chostais chíosa Gráinne chun an mhonarcha nua a thógáil.

Mínigh an tionchar atá ag **trí** tháscaire gheilleagracha ar fhás gnó.

1

2

3


**Ceist 3** **(70 marc)**

In 2024, síníodh rialacha nua maidir le tuairisciú CSR (*ESG i mBéarla*) ina ndlí in Éirinn.

**(a)** Sainaithin na **trí** ghné de thuairisc CSR.

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |

**(b)** Líon isteach an téarma atá in easnamh i gcás **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.



**(i)** Déanann grúpaí sainleasa ____________________ le dul i bhfeidhm ar fhorbairt beartas.

**(ii)** Tugtar ____________________________ ar dhíol fiontar atá faoi úinéireacht an stáit.

**(iii)** Tugtar ___________________________ ar ghrúpa tíortha a thógann ar shiúl bacainní trádála chun comhoibriú geilleagrach a chur chun cinn.

**(iv)** Is ionann Comhardú na Trádála agus ______________ lúide ________________.

**(v)** Is é ______________________________ a shocraíonn rátaí úis in Éirinn

**(c)** An t-éileamh láidir a bhí ar charranna, chuidigh sé margadh na n-iasachtaí pearsanta a chur chun cinn sna chéad trí mhí de 2024.



Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc ar féidir leo dul i bhfeidhm ar rátáil chreidmheasa duine.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |



**(d)** Is é Gnó Digiteach Éireann (*DBI i mBéarla*) guth earnáil na tráchtála digití in Éirinn agus an príomhchomhlacht ionadaíoch do ghnólachtaí ar líne.

Tá Gnó Digiteach Éireann (*DBI i mBéarla*) den tuairim go bhfuiltear ag tuar go mbeidh díolacháin ar líne ar fiú beagnach €16 billiún iad ann i mbliana.

Déan anailís ar **thrí** bhealach a bhféadfadh teicneolaíocht dhigiteach tionchar a bheith aici ar iompraíocht tomhaltóirí.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(e)** Sa Tuarascáil ar Ghnó Idirnáisiúnta ó tháinig ó Grant Thornton le déanaí, tarraingítear aird ar athléimneacht agus inoiriúnaitheacht gnólachtaí Éireannacha agus iad ag iarraidh rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a mhaolú.
Pléigh **ceithre** cinn de straitéisí bainistíochta riosca is féidir le gnólachtaí a úsáid chun freagairt do riosca féideartha.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 4 |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4** **(70 marc)**

Osclóidh Dexcom, déantóir domhanda feistí leighis, a mhonarcha i mBaile Átha an Rí in 2026.

DEXCOM

**(a)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a lonnódh gnólacht amhail Dexcom in Éirinn.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| | **Ráiteas** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **1** | Féadfar anailís STEEPLE a úsáid chun tionchar tosca inmheánacha ar ghnólacht a mheas | | |
| **2** | San áireamh i gcostais athraitheacha tá pá fostaithe, árachas agus leictreachas | | |
| **3** | Próiseas chun coimhlint a réiteach is ea idir-réiteach, áit a n-eisíonn tríú páirtí neamhspleách moladh | | |
| **4** | Tugtar 'tabhairt ar bord' ar Oiliúint Ionduchtaithe freisin | | |
| **5** | Leagtar amach cuspóirí fadtéarmacha cuideachta sa Phleanáil Straitéiseach | | |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dheis agus ar **dhá** dhúshlán a bhaineann leis an Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) i gcás na hÉireann.

Deiseanna

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

Dúshláin

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Tá Dexcom ag súil le tuairim is 500 post foirgníochta a chruthú sa réigiún, agus suas le 1,000 post ardteicneolaíochta ar leibhéal céimithe agus teicneoirí a chruthú a luaithe a bheidh an suíomh ag feidhmiú go hiomlán.




Déan measúnú ar an mbealach a bhféadfadh teicneolaíochtaí digiteacha dul i bhfeidhm ar an bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin le haghaidh gnólachtaí.

Spás breise don fhreagra ar an gcéad leathanach eile →

**(d)** 


Beidh conair dhúlra 2.1km timpeall na saoráide san áireamh i monarcha Dexcom i mBaile Átha an Rí.
Pléigh **ceithre** bhealach a bhféadfadh tionscnaimh um fholláine chorparáideach dul i bhfeidhm ar spreagadh fostaithe.

1

2

3

4

**Ceist 5** **(70 marc)**

**(a)** De réir dlí nua de chuid an AE, ní mór d'oibrithe sa gheilleagar poistíneachta coinníollacha oibre níos fearr a fháil.

Meastar go dtiocfaidh ardú ar líon na n-oibrithe sa gheilleagar poistíneachta san AE go dtí 43 milliún faoi 2025.

**(i)** Mínigh an téarma geilleagar poistíneachta.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** dhúshlán atá roimh oibrithe sa gheilleagar poistíneachta.

| |
|---|
| 1 |
| |
| 2 |
| |
| 3 |
| |

**(b)** De réir mar a éiríonn tomhaltóirí níos feasaí ar fhreagracht chorparáideach — ní hamháin go bhfuil ailíniú straitéisí margaíochta le cleachtais eiticiúla agus inbhuanaithe inmholta – tá sé ríthábhachtach.

Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhealach a bhfuil eitic tábhachtach nuair atá straitéis mhargaíochta á dearadh.

| |
|---|
| 1 |
| |
| |
| |
| |
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |

**(c)** **(i)** Ainmnigh rialachán de chuid an AE a bhfuil staidéar déanta agat air agus mínigh an chaoi ar cuireadh i bhfeidhm in Éirinn é.

| Ainm: |
|---|
| |
| Míniú: |
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Scrúdaigh dhá thionchar dhearfacha **agus** dhá thionchar dhiúltacha atá ag an Rialachán de chuid an AE a d'ainmnigh tú thuas ar pháirtithe leasmhara difriúla in Éirinn.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás breise don fhreagra ar an gcéad leathanach eile→

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** Tá fostaithe ag cailleadh foighne le tionscnaimh don athrú, de réir an Harvard Business Review.

Déan anailís ar **cheithre** chúis a bheadh le cur in aghaidh an athraithe in eagraíocht.

| 1 |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás breise don fhreagra ar an gcéad leathanach eile→

| |
|---|
| 2 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 3 |
| |
| |
| |
| |
| |
| 4 |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás scríbhneoireachta breise.
Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás scríbhneoireachta breise.

Lipéadaigh an obair go léir go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Admhálacha

Íomhánna
Lch 3 shutterstock.com

Lch 10 https://grachocolates.com/

Lch 11 https://grachocolates.com/

Lch 15 shutterstock.com

Lch 17 www.rte.ie/news/business/2024/0807/1463850-digital-business-irelands-forecasts/

Lch 21 https://www.dexcom.com/en-IE

Lch 23 https://www.dexcom.com/en-IE

Téacs
Lch 10 https://grachocolates.com/

Lch 10 https://www.businesspost.ie/news-focus/sweet-taste-of-success-for-galway-chocolate-company/

Lch 11 https://grachocolates.com/

Lch 13 https://www.businesspost.ie/news-focus/sweet-taste-of-success-for-galway-chocolate-company/

Lch 14 https://grachocolates.com/

Lch 15 https://enterprise.gov.ie

Lch 16 https://www.rte.ie/news/business/2024/0809/1464098-drawdown-of-car-loans-hit-record-high-in-first-quarter/

Lch 17 www.rte.ie/news/business/2024/0807/1463850-digital-business-irelands-forecasts/

Lch 18 https://www.grantthornton.ie/news-centre/irish-businesses-focusing-on-managing-risks-for-the-next-12-months-as-they-navigate-economic-uncertainty/

Lch 23 https://www.dexcom.com/en-IE

Lch 24 https://www.irishexaminer.com/opinion/commentanalysis/arid-41304328.html

Lch 25 https://www.forbes.com/councils/forbesagencycouncil/2023/10/06/ethics-in-digital-marketing-what-to-know-and-how-to-align/

Lch 27 https://hbr.org/2023/05/employees-are-losing-patience-with-change-initiatives

D’fhéadfadh sé gur athchóiríodh ábhar, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gnó

Sampla 1

2 uair 30 nóiméad